# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

| | |
|---|---|
| **Uimhir Aitheantais TUSLA:** | TU2015GY108 |
| **Ainm na Seirbhíse:** | Ionad Curam Leanai - Charna |
| **Seoladh na Seirbhíse:** | Carna, Co.na Gaillimhe |
| **Eirchód:** | H91 KWN9 |
| **Ainm an tSoláthraí Chláraithe:** | Ray Mac Pháidín |
| **Cineál na Seirbhíse** | Lá Iomlán, Páirtaimseartha, Seisiúnach |
| **Dáta na Cigireachta:** | 27/05/2026 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na leanaí réamhscoile:** | R.N | 26 | I.N | 16 |

| | |
|---|---|
| **Seoladh na Cigireachta Luathbhlianta:** | TUSLA - An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, Cigireacht na Luathbhlianta, An Stiúrthóireacht um Dhearbhú Cáilíochta, Foirgneamh Cliniciúil agus Riaracháin, Bloc A - (1ú Hurlár- Conair Ghlais), Páirc Mhuirlinne, Gaillimh. |
| **Cigireacht arna déanamh ag:** | F Nic Dhonnacha |
| **Teideal :** | Cigire na Luathbhlianta |

| **Údarás chun cigireacht a dhéanamh** |
|---|
| Déanann Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla cigireacht ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna chur isteach le hAlt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013). |

| | |
|---|---|
| **Coinníollacha, má bhaineann le hábhar** | Neamhbhainteach |

## Cur síos ar an tseirbhís

Cuireann an tseirbhís cúram lae iomlán agus soláthar cúraim pháirtaimseartha ar fáil ó 08.00 go dtí 18.00 uair an chloig, do leanaí idir 0 agus 6 bliana d'aois, ó Luan go hAoine. Ina theannta sin, cuirtear cláir chúraim réamhscoile agus cláir chúraim seisiúnach ar fáil do Chúram agus Oideachas na Luath-Óige (ECCE) idir 09.30 go dtí 12.30 uair an chloig. Tá an tseirbhís cláraithe chun freastal ar uaslíon de 37 leanbh ag aon am amháin. Tá trí sheomra súgartha réamhscoile ann, eadhon an seomra Leanbh / naíolanna, an seomra Lápadáin, agus an seomra an Naionra. Tá cistin ann ina ndéantar na príomhbhéile a ullmhú, a chócaráil, a sheirbheáil agus a stóráil ar an láthair. Tá leapacha cruachta ann do sholáthar codlata na leanaí. Tá limistéir scíthe ciúin ar fáil i ngach seomra súgartha do leanaí chun scíth a ligean. Tá limistéir súgartha lasmuigh ar chúl agus ar taobh an áitribh. Cuireann an tseirbhís curaclam réamhscoile ar fáil atá bunaithe ar shúgradh agus atá dírithe ar leasanna na linbh atá ag teacht chun cinn. Tá an tseirbhís réamhscoile faoi rialú Chomhar Naíonraí na Gaeltachta agus is seirbhís Ghaeilge í.

## Soláthar foirne

Tá an soláthraí cláraithe ina bhall de bhord bainistíochta Chomhar Naíonraí na Gaeltachta agus níl sé ag obair sa tseirbhís. Tá duine ainmnithe i gceannas agus leasdhuine i gceannas. Tá 16 fhoireann fostaithe san áitreabh seachas an soláthraí cláraithe. Tá Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) ag Leibhéal 5 go 6, i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige, ag aon dhuine dhéag (11) don fhoireann. Tá fianaise dhoiciméadach ag an bhfoireann ar oiliúint agus oideachas leanúnach. Ina theannta sin, tá beirt ghlantóirí ann a oibríonn trathnónacha, riarthóir agus beirt chócaire a oibríonn ar an láthair.

## Modheolaíocht

Is í Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla, rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhínítear i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas an tsoláthraí chláraithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus cloí leis na riachtanais seo. Tugann an tAcht seo údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na rialacháin. Is é is aidhm le rialáil maidir le seirbhísí óige ná a chinntiú go seastar le cúram, sábháilteacht, agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí seo. Pleanáiltear cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta bunaithe ar na pointí seo a leanas:

- Stair chigireachta na seirbhíse
- Eolas ar bith a fhaightear maidir leis an tseirbhís
- Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar:
- Eolas a fhaightear trí dhoiciméid a imscrúdú
- Breathnú díreach

- Plé le baill foirne ábhartha

Ba chigireacht neamh fhógartha é seo, agus díríodh ar rialachas sláinte, folláine agus forbairt an linbh agus sábháilteacht lena linn. Féadfaidh cigireacht díriú ar réimsí eile chomh maith, de réir mar is gá.

Úsáideadh próiseas samplála chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh faoin rialachán 15 Taifead réamhscoile ar leanbh.

Leagtar amach torthaí na cigireachta sa tuarascáil maidir leis an gcigireacht a eisítear mar dhréacht-tuarascáil ar dtús chuig an tseirbhís, agus bíonn deis ag an tseirbhís freagra a thabhairt ar thorthaí ar bith a luaitear inti. I gcás go sainaithnítear nach bhfuil ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe léiriú a thabhairt ar an mbealach a réitíodh an neamhchomhlíonadh agus mar a chuirfear cosc ar an neamhchomhlíonadh amach anseo. Úsáidfear an plean um Ghníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach (CAPA) chun bonn eolais a chur le cinntí maidir le comhlíonadh le ceanglais rialála. I gcás nach n-éiríonn leis an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar próiseas géaraithe a thosú.

Forchoimeádann an Chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar fhreagraí a fhaightear ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear soiléireacht; iomláine; agus chun próisis riaracháin agus dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is í an Chigireacht a thiomsaíonn ábhar na tuarascála.

**Buíochas**

Is mian leis an gCigire buíochas a ghabháil *leis an duine i bhfeighil*, leis an bhfoireann agus leis na leanaí a bhí i láthair ar lá na cigireachta as a gcomhoibriú ar fad.

| Cuid III – Bainistíocht agus Foireann |
|---|
| **Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-*<br>*(a) go mbeidh sa tseirbhís duine i bhfeighil ainmnithe agus duine arna ainmniú nó arna hainmniú a bheidh ábalta gníomhú mar ionadaí de réir mar is gá,*<br>*(b) go mbeidh an duine i bhfeighil ainmnithe nó an duine arna ainmniú nó arna hainmniú dá dtagraítear i bhfomhír (a) san áitreabh gach tráth le linn na tréimhse ina mbeidh an tseirbhís réamhscoile á seoladh.*<br>*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe gur duine oiriúnach inniúil gach fostaí, gach oibrí nach n-íoctar agus gach conraitheoir, agus cineál na riachtanas a bhíonn ar leanaí á chur san áireamh, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh–*<br>*(a) breithniú ar theistiméireacht ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,*<br>*(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,*<br>*(c ) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus*<br>*d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.*<br>*(3) Déanfar na nósanna imeachta a shonraítear i mír (2) a chur i gcrích sula ndéanfar aon duine a cheapadh nó a shannadh nó sula gceadófar dó nó di rochtain a bheith aige nó aici ar leanbh nó teagmháil a bheith aige nó aici le leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*<br>*(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (1)(a) Bhí duine ainmnithe i gceannas agus bhí duine ainmnithe ar fáil le ionadaíocht sa seirbhís nuair is gá.<br>(b) Bhí an leas-duine i gceannas ar an láthair nuair a tháinig an cigire luathbhlianta agus tháinig an duin ainmnithe i gceannas go gairid ina dhiaidh sin agus d'fhan sí ar an láthair ar feadh ré na cigireachta.<br>Léirigh fianaise dhoiciméadach go raibh an duine ainmnithe i gceannas nó an t-ionadaí ar fáil ar an áitreabh nuair a bhí na páistí réamhscoile i láthair. |

(2) Déanadh athbhreithniú ar 17 foirne ar lá na cigireachta, lena n-áirítear an soláthraí cláraithe, an duine atá i gceannas, deichniúr ball foirne a oibríonn go díreach leis na páistí, riarthóir, beirt chócaire agus beirt ghlantóirí.

(2)(a Bhí sé theistiméireachtaí déag scríofa bailíochtaithe ó iarfhostóir.

(b) Bhí ocht theistiméireachtaí scríofa agus bailíochtaithe ó fhoinse seachas iarfhostóir a bhí ann.

(c) Fuarthas nochtadh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána do 17 daoine fásta. Léirigh an tseirbhís freisin go gcomhlíonfar an Fógra Rialála Cigireachta Luathbhlianta lena gceanglaítear ar sheirbhísí grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a athnuachan gach trí bliana.

(d) Bhí an grinnfhiosrúchán póilíní riachtanach ag 3 foirne, a bhí ina gcónaí lasmuigh den dlínse, ar feadh níos mó ná 6 mhí as a chéile, agus iad os cionn 18 mbliana d'aois.

(3) Cuireadh na nósanna imeachta a shonraítear i mír (2) i gcrích sular ceapadh aon duine fásta agus sula ndearnadh rochtain ar na páistí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.

(4) Bhí fianaise ar Cháilíocht agus Cáilíochtaí Éireann 12 ball foirne a bhí ag obair go díreach leis na páistí ag Leibhéal 5 go Leibhéal 8, i gCúram agus Oideachas na Luath-Óige.

## Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

### Rialachán 11 - Leibhéil Foirne

*(1) Faoi réir an Rialacháin seo, áiritheoidh soláthraí cláraithe go mbeidh líon leordhóthanach aosach ann i gcónaí ag obair go díreach leis na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.*

*(2) Faoi réir mhíreanna (4) agus (5), áiritheoidh soláthraí cláraithe seirbhíse cúraim lae iomláin nó seirbhíse cúraim lae pháirtaimseartha go mbeidh an cóimheas íosta idir aosaigh agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhreacha tagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) di ag an uimhir thagartha sin go bhfuil sé sásta.*

*(8) Gan dochar do mhíreanna (2) go (7)-*

*(a) cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhís fhaireachais leanaí nó seirbhís réamhscoile seisiúnach go mbeidh 2 dhuine fásta ar a laghad san áitreabh i gcónaí,*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(1) I gcónaí le linn thréimhse na cigireachta, chinntigh an duine a bhí i gceannas go raibh líon leordhóthanach foirne ag obair go díreach leis na leanaí.

(2) Chinntigh an duine a bhí i gceannas go gcoinníodh an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear.

Ar maidin na cigireachta, bhí 26 leanbh i láthair agus 6 ball foirne ag tabhairt aire dhíreach dóibh do na leanaí seo.

Ina theannta sin, chlúdaigh beirt bhall foirne breise sosanna agus clúdaigh foireann amháin ar maidin agus foireann amháin san iarnóin.

Bhí cócaire sa chistin ag ullmhú, ag cócaireacht, ag freastal agus ag stóráil na sneaiceanna agus na béilí do na páistí.

Bhí riarthóir ag obair san oifig amháin ag bainistiú riarachán laethúil na seirbhíse.

Chuidigh an duine i gceannas leis an gcuid riaracháin den iniúchadh agus chuir sí fhaoiseamh cúram leanaí ar fáil de réir mar a bhí riachtanach.

(8)(a) Chinntigh an soláthraí cláraithe go raibh beirt bhall foirne ar an áitreabh fad is a bhí an réamhscoil ag feidhmiú.

## Cuid IV – Faisnéis agus Taifid

### Rialachán 15 – Taifead ar leanbh réamhscoile

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seachas seirbhíse réamhscoile i lárionad buail isteach nó seirbhís réamhscoile shealadach go gcoimeádfar taifead i scríbhinn i leith gach linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís ina mbeidh na sonraí seo a leanas:*

*(a) ainm agus dáta breithe an linbh;*

*(b) an dáta a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís den chéad uair;*

*(c) an dáta a scoir an leanbh de bheith ag freastal ar an tseirbhís;*

*(d) ainm agus seoladh tuismitheora nó caomhnóra leis an leanbh agus uimhir theileafóin lenar féidir dul i dteagmháil leis an tuismitheoir nó leis an gcaomhnóir sin nó le gaol nó le cara leis an leanbh le linn uaireanta oibríochta na seirbhíse;*

*(e) údarú chun an leanbh a bhailiú;*

*(f) mionsonraí aon bhreoiteachta, aon mhíchumais, aon ailléirge nó aon riachtanais speisialta ar an leanbh, mar aon leis an bhfaisnéis go léir is iomchuí maidir le cúram nó aire speisialta a sholáthar;*

*(g) ainm agus uimhir theileafóin lia-chleachtóir cláraithe an linbh;*

*(h) taifead ar imdhíontaí, más ann, a fuair an leanbh;*

*(i) toiliú i scríbhinn ó thuismitheoir chun cóireáil chuí liachta a chur ar an leanbh i gcás éigeandála.*

*(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoinneofar taifead i scríbhinn dá dtagraítear i mír (1) ar feadh tréimhse 2 bhliain in dáta a scoirfidh an leanbh lena mbaineann sé de bheith ag freastal ar an tseirbhís.(5) Cinnteoidh*

| |
|---|
| *soláthraí cláraithe go gcoinneofar taifead i scríbhinn dá dtagraítear i mír (2) ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a fhreastalóidh an leanbh ar an tseirbhís.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |

(1)(a)(b)(c)(d)(e)(f)(g)(h) &(i)

Rinne an cigire luathbhlianta athbhreithniú ar shampla de 13 do thaifead leanaí.

Bhí na hiontrálacha a ndearnadh athbhreithniú orthu fíorasach, comhsheasmhach agus cruinn.

Bhí an méid seo a leanas sna trí thaifead déag randamacha do leanaí:

(a) Ainm agus dáta breithe an linbh.

(b) An dáta ar a d'fhreastail an leanbh ar an tseirbhís den chéad uair.

(c) An dáta ar stop an leanbh ag freastal ar an tseirbhís (nuair is cuí).

(d) Ainm agus seoladh tuismitheora nó caomhnóra an linbh, agus uimhir theileafóin inar féidir teagmháil a dhéanamh leis an tuismitheoir nó leis an gcaomhnóir sin (nó le gaol nó cara an tuismitheora nó an linbh) le linn uaireanta oibríochta.

(e) Údarú/ceadanna scríofa chun an leanbh a bhailiú.

(f) Déantar sonraí a thaifeadadh maidir le haon tinneas, ailléirge nó riachtanas breise a bhí ag an leanbh, mar aon leis an bhfaisnéis go léir a bhaineann le cúram nó aire ar leith a sholáthar.

(g) Ainm agus uimhir theileafóin lia-chleachtóir cláraithe an linbh.

(h) Taifead ar aon imdhíontaí a bhí ag an leanbh.

(i) Cuireadh toiliú scríofa tuismitheora nó caomhnóra san áireamh chun ligean don leanbh cóir leighis chuí a fháil má bhí éigeandáil ann.

(4) & (5) Chuir an duine i gceannas comhairle agus fianaise dhoiciméadach ón athbhreithniú comhad le fios, go raibh córas acu chun go gcoimeádfaí gach taifead ábhartha do leanaí ar feadh 2 bhliain ón dáta a stopann leanbh ag freastal ar an tseirbhís.

## Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile

### Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt linbh

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, le linn dó nó di a bheith ag soláthar seirbhís réamhscoile—*

*(a) go ndéanfar foghlaim, forbairt agus leas gach linbh a urasú laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí cuí, an idirghníomhaíocht chuí, na hábhair chuí agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha an linbh, agus*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

**Riachtanais Bhunúsacha**

(1)(a)

- Spreag agus thacaigh an fhoireann na páistí a bheith chomh neamhspleách agus ab fhéidir leo.
- Tugadh neart ama do na páistí ithe ar bhealach gan deifir. Chomhlíon an fhoireann polasaí bia sláintiúil na seirbhíse. Bhí na sneaiceanna agus na béilí ildaite agus bhí cuma cothaitheacha orthu le bianna éagsúla. Ba é príomhbhéile an lae ná pasta bolognaise le cáis ghrátáilte le bainne nó uisce le n ól.
- Bhí na táblaí agus na cathaoireacha oiriúnach d'aois agus do chéimeanna forbartha na bpáistí.
  Bhí rochtain gan srian ag na páistí ar an leithreas agus níor ghá dóibh fanacht chun an leithreas a úsáid. Ar lá na cigireachta, athraíodh na páistí a chaith clúidíní ar bhealach íogair agus tráthúil agus ar bhonn rialta.
- Bhí neart deiseanna ag na páistí bogadh thimpeall le haghaidh saor imirt agus iniúchadh a dhéanamh ar a dtimpeallacht. Bhí gníomhaíochtaí agus eispéiris súgartha oiriúnach agus dúshlánach go cuí acu. Bhí na páistí ag spraoi sna seomraí , ag déanamh puzail, ag meascadh agus ag meaitseáil, ag cruachadh agus ag tógáil. Bhí na páistí ag súgradh le feithiclí iompair, ag spraoi sa cistin / teachín, ag súgradh mí shlachtmahara, líníocht agus saothar ealaíne.
- Rinne na páistí comhrá agus thaispeáin siad don chigire a gcuid saothar ealaíne a bhí ar taispeáint sa seomra. Labhair na páistí faoi théama na seachtaine, sin an Samhraidh agus an teas mhór.
- Sna limistéir súgartha lasmuigh, bhí na paistí ag súgradh le réimse leathan trealaimh súgartha, an chistin láibe, ag ról imirt sa teach súgartha faoin ionad gníomhaíochta, ag spraoi le liathróid, ag dreapadh an ionaid ghníomhaíochta agus ag sleamhnú síos an sleamhnán. Breathnaíodh ar na páistí ag cruachadh, ag scuabadh, ag tochailt, ag marcaíocht ar ghluaisteáin bhrú ag tóraíocht, ag rith, agus ag imirt gabhála. Bhí rochtain dhíreach ag na páistí ar na limistéir súgartha lasmuigh óna seomraí súgartha.

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas linbh a chosaint** |
| Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint agus cinnteoidh sé nó sí go mbeidh timpeallacht na seirbhíse sábháilte. |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |

**Sábháilteacht Ghinearálta:**

- Bhí na doirse seachtracha daingnithe go cuí chun cosc a chur ar leanbh rochtain gan mhaoirseacht a fháil agus daoine neamhúdaraithe rochtain a fháil ar an áitreabh.
- Bhí na limistéir súgartha lasmuigh daingnithe le fálú agus geataí ionas nach bhféadfadh daoine neamhúdaraithe rochtain a fháil ar an limistéar nó dul isteach sa limistéar nó nach bhféadfadh leanaí imeacht gan mhaoirseacht.
- Bhí córas slándála ag an doras isteach sa chistin, leithris foirne, limistéir stórála agus seomra foirne.
- Breathnaíodh go raibh na bréagáin agus an trealamh súgartha go léir sábháilte agus i riocht maith.
- Bhí strapaí sábháilteachta slán de réir threoracha an mhonaróra, ar na cathaoireacha arda sa seomra bia.
- Múchadh an córas teasa mar gheall ar an foláireamh aimsire an-te an tseachtain seo, bhí fuinneoga oscailte, dallóga dúnta, bhí meaisíní fuaraithe i ngach seomra súgartha chun a chinntiú go gcoinníodh na teochtaí idir 18°C agus 22°C. Bhí na páistí gléasta go cuí don aimsir te le brístí gearra agus muinchillí gearra chun a gcompord a choinneáil.
- Taifeadadh na léamha teochta uisce laistigh de ghnáth theorainneacha ar na measúnuithe riosca seirbhíse do na seomraí súgartha, na limistéir sláintíochta agus na limistéir feistis clúidíní.
- Stóráladh táirgí glantacháin lasmuigh de shroicheadh leanaí laistigh de gach ceann de na seomraí súgartha agus i limistéir fóntais ainmnithe.

**Rialú Ionfhabhtuithe:**

- Spreag an fhoireann na páistí agus rinne siad maoirseacht ar na páistí a lámha a ní sula n-itheann siad, tar éis clúidín a athrú, tar eis dul ag an leithreas, súgradh mí shlachtmhara, agus tar eis súgradh lasmuigh.
- Bhí gallúnach leachtach leordhóthanach agus tuáillí páipéir ar fáil ag na báisíní láimhe san áitreabh.
- Bhí dhá limistéar athraithe clúidíní a bhí ainmnithe. Bhí na mataí clúidíní slán. Bhí bosca bruscair aerdhíonach séalaithe le coise chun clúidíní a dhiúscairt i ngach ceann de na limistéir athraithe clúidíní.
- Coinníodh na bréagáin agus an trealamh súgartha i riocht glan.

- Bhí sceideal glantacháin ar fáil sa tseirbhís. Bhí táirgí glantacháin oiriúnacha ar fáil sa tseirbhís. Thug an cigire faoi deara go raibh limistéir ard teagmhála glanta go rialta, de réir na treorach dea-chleachtais.
- Bhí soláthairtí leordhóthanacha fíocháin indiúscartha ar fáil go héasca i ngach ceann de na seomraí súgartha.
- Bhí boscaí bruscair coise sna limistéir sláintíochta agus sna seomraí súgartha.

**Dáileadh Cógas:**

- Léirigh an fhoireann don chigire a n-eolas ar an dea-chleachtas maidir le stóráil shábháilte, riarachán agus ceanglas dhoiciméadach d'aon chógas a thugtar san áitreabh.

**Codladh Sábháilte:**

- Bhí leapacha cruachta ar fáil do pháistí a raibh codladh ag teastáil uathu, nuair ba gá.
- Thug an polasaí codlata mionsonraí ar an teocht cheart, soilsiú, aeráil, spás idir leapacha, cliabháin agus riachtanais sábháilteachta leanaí.
- I ngach seomra súgartha, bhí limistéir scíthe ciúin le suíocháin de mhéid na leanaí agus mataí boga ar fáil do leanaí chun scíth a ligean nó diúltú do ghníomhaíocht más mian leis/léi é sin a dhéanamh.
- Bhí na páistí le feicéal ag codladh ar leapacha cruachta ar lá na cigireachta, coinníodh taifid seiceála codlata ar an bhfeidhm chlár leictreonacha a bhí in usuaid gach 10 nóiméad de réir pholasaí na seirbhíse.
- Ní raibh aon leanbh faoi bhun 2 bhliain d'aois sa tseirbhís lá na cigireachta. Níor chodail aon leanbh i gcliabhán ar an lá seo.

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 24 - Seiceáil isteach agus amach agus taifead ar fhreastal** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfaidh fostaí nó oibrí nach n-íoctar gach leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a sheiceáil isteach sa tseirbhís agus amach aisti.*<br><br>*(3) Cinnteoidh soláthraí cláraithe-*<br><br>*(a) nach féidir le haon duine seachas—*<br>*(i) leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís,*<br>*(ii) duine atá ag fágáil leanbh den sórt sin ag an tseirbhís nó á bhailiú nó á bailiú ón tseirbhís,*<br>*(iii) fostaí, nó*<br>*(iv) oibrí nach n-íoctar, teacht isteach san áitreabh gan sin a bheith ceadaithe ag fostaí, agus*<br>*(b) go gcoimeádfar taifead laethúil i scríbhinn ar aon duine den sórt sin do theacht isteach san áitreabh.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (1) Bhí leabhar taifead ar fáil ar an láthair a thug mionsonraí ar theacht agus imeacht na bpáistí sa seirbhís.<br>(3)(a) Chinntigh an soláthraí cláraithe nach ndeachaigh aon duine seachas na daoine atá leagtha amach i (i) go (iv) isteach sa tseirbhís gan ceadú roimh ré. Bhí cead scríofa ag an duine atá i gceannas ar thaifead do gach cuairteoir.<br>(b) Bhí taifead scríofa ar fáil ag taifeadadh na gcuairteoirí go léir ag an mbealach isteach chuig an tseirbhís. |

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 25 - Garchabhair** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte ar gharchabhair do leanaí ar fáil láithreach i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoil.*<br><br>*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bosca garchabhrach do leanaí a bhfuil an trealamh cuí ann—*<br><br>*(a) stóráilte go sábháilte in áit fheiceálach san áitreabh ar féidir teacht air gan dua, agus*<br>*(b) ar fáil i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (1) Chuir an tseirbhís fianaise ar fáil go raibh ochtar ball foirne oilte i ngarchabhair do leanaí (FAR) agus go raibh siad ar fáil do na páistí a bhí ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile.<br><br>(2)(a) Bhí bosca garchabhrach le soláthairtí i ngach seomra súgartha. Bhí na míreanna garchabhrach stóráilte go sábháilte, inrochtana go héasca, in áit fheiceálach, agus bhí siad uilig suas go dáta.<br>(b) Léirigh an tseirbhís go raibh na boscaí garchabhrach feistithe go hiomlán agus ar fáil do na páistí atá ag freastal ar an tseirbhís réamhscoile. |

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 26 - Bearta maidir le sábháilteacht ó dhóiteán** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn—*<br>*(a) ar aon druil dóiteáin a dhéantar san áitreabh, agus*<br>*(b) ar líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus na n-aláram deataigh san áitreabh.*<br>*(4) Déanfar fógra i dtaobh na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (1)(a) Bhí taifead scríofa ar fáil de na druileanna dóiteáin míosúla a críochnaíodh sa tseirbhís. An druil deireanach a taifeadadh ná an ceann ar dáta 10/4/2026.<br>Bhí an tseirbhís bhliantúil dheireanach ag an trealamh deataigh agus dóiteáin don áitreabh ar dáta 27/02/2026.<br>Bhí an tseirbhís bhliantúil dheireanach dar dáta 16/07/2025 ag an gcóras aláraim braite deataigh agus dóiteáin don áitreabh.<br><br>(4) Taispeánadh fógraí laistigh den seirbhís dena nósanna imeachta a bhí le leanúint i gcás dóiteáin san áitreabh. |

# Early Years Inspectorate Regulatory Report
# Pre School

| | |
|---|---|
| **TUSLA Identifier:** | TU2015GY108 |

| | |
|---|---|
| **Name of Service:** | Ionad Curam Leanai - Charna |

| | |
|---|---|
| **Address of Service:** | Carna, Co. Galway |

| | |
|---|---|
| **Eircode:** | H91 KWN9 |

| | |
|---|---|
| **Name of Registered Provider:** | Ray Mac Pháidín |

| | |
|---|---|
| **Service type:** | Full Day, Part Time, Sessional |

| | |
|---|---|
| **Date of Inspection:** | 27/05/2026 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **No of pre-school children:** | AM | 26 | PM | 16 |

| | |
|---|---|
| **Address of the Early Years Inspectorate:** | TUSLA - Child and Family Agency, Early Years Inspectorate, Quality Assurance Directorate, Clinical & Administration Building, Block A - (1st Floor- Green Corridor), Merlin Park, Galway. |
| **Inspection undertaken by:** | F Nic Dhonnacha |
| **Title:** | Early Years Inspector |

| **Authority to Inspect** |
|---|
| The Tusla Early Years Inspectorate carries out inspections of Early Years Services under Section 58(J) of the Child Care Act 1991 (as inserted by Section 92 of the Child and Family Agency Act 2013). |

## Description of service

The service offers full day care and part time care provision from 08.00 to 18.00, for children aged between 0 and 6 years, from Monday to Friday. Additionally, Early Childhood Care and Education (ECCE) pre-school care programmes and sessional care programmes are offered between 9.30 and 12.30 hrs. The service is registered to cater for a maximum number of 37 children at any one time. There are three pre-school playrooms, namely the Baby/Creche room, the Toddlers room and the Naionra room. There is a kitchen where the main meals are prepared, cooked, served and stored on site. There are stackable beds for children's sleep provision. Quiet rest areas are available in each playroom for children to relax. There are outdoor play areas to the rear and sides of the premises. The service offers a child centred play-based pre-school curriculum focusing on the emerging interests of the child. The preschool service is under the governance of Comhar Naíonraí na Gaeltachta and it is an Irish speaking service.

## Staffing

The registered provider is a member on the board of management of Comhar Naíonraí na Gaeltachta and does not work in the service. There is a named person in charge and a deputy person in charge. There are 16 staff employed on the premises excluding the registered provider. Eleven staff hold a Quality and Qualifications Ireland (QQI) at a Level 5 to 6 in Early Childhood Care and Education. The staff have documentary evidence of ongoing training and education. Additionally, there are two cleaners who work after hours, an administrator and two cooks who work onsite.

## Methodology

Tusla's Early Years Inspectorate is the independent statutory regulator of early years services in Ireland. The Child Care Act 1991 (Early Years Services) Regulations 2016 define the duty of a registered provider to ensure the safety and well- being of children and to comply with these regulations. This Act also gives Tusla the authority to assess compliance with the regulations. The purpose of regulation in relation to early years services is to ensure that the care, safety, and well-being of children attending such services is upheld. Inspections of early years services are planned based on the following:

- Previous inspection history
- Any information received in relation to the service

The findings on inspection are based on:

- Information obtained through examination of documentation
- Direct observation

- Discussion with relevant staff

This inspection was unannounced and focused on the area of governance, health, welfare and development of child and safety. The inspection may also focus on other areas as required.

A sampling process was used to assess compliance under regulation 15 Record of a Pre-School Child.

Inspection findings are documented in the inspection report which is first issued in draft format to the service with an opportunity to respond to any findings. Where statutory requirements are identified as not being met, the registered provider must demonstrate how they have rectified the non-compliance and will prevent any non - compliance from re occurring. The Corrective Action and Preventive Action plan (CAPA) will be used to inform decisions about compliance with regulatory requirements. Where the registered provider fails to meet the statutory requirements an escalation process may be commenced.

The inspectorate reserves the right to edit responses received for reasons including clarity, completeness and compliance with administrative and legal processes.

The contents of the report are compiled by the inspectorate body.

**Acknowledgments**

The inspector wishes to acknowledge the cooperation of the *person in charge*, staff and children who were present on the day of the inspection.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 9 – Management and recruitment

*(1) A registered provider shall ensure that-*

*(a) the service has a designated person in charge and a named person who is able to deputise as required,*

*(b) at all times during the period when the pre-school service is being carried on, the designated person in charge or the named person referred to in subparagraph (a) is on the premises.*

*(2) A registered provider shall ensure that each employee, unpaid worker and contractor is suitable and competent taking into consideration the nature of the needs of children, including by-*

*(a) consideration of references from the person's past employers, if any, and in particular the most recent employer, if any,*

*(b) consideration of references from reputable sources in the case of a person who has no past employers,*

*(c) consideration of the vetting disclosure received from the National Vetting Bureau of the Garda Síochána in accordance with the Act of 2012 in respect of the person, and*

*(d) ensuring, insofar as is practicable, that where a person has lived in a state other than the State for a period of longer than 6 consecutive months, he or she provides police vetting from the police authorities in that state.*

*(3) The procedures specified in paragraph (2) shall be carried out prior to any person being appointed, assigned or allowed access to or contact with a child attending the pre-school service.*

*(4) A registered provider shall ensure that, without prejudice to the generality of paragraph (2) and subject to paragraphs (5) and (6), each employee working directly with children attending the service holds at least a major award in Early childhood Care and Education at Level 5 on the National Qualifications Framework or a qualification deemed by the Minister to be equivalent.*

**Compliance Information**

(1)(a) There was a designated person in charge and there was a named person available to deputise in the service.

(b) The deputy person in charge was onsite when the early years inspector arrived and the designated person in charge arrived shortly after and remained on site for the duration of the inspection. Documentary evidence indicated that either the designated person in charge or deputy were available on the premises when the pre-school children were present.

(2) Seventeen staff files were reviewed on the day of inspection; these included the registered provider, person in charge, 10 staff who work directly with the children, an administrator, 2 cooks and 2 cleaners.

(2)(a) Sixteen written validated references were from a past employer.

(b) Eighteen written validated references were from a source other than a past employer.

(c) Garda vetting disclosures had been obtained for 17 adults. The service also demonstrated compliance with the Early Years Inspectorate Regulatory Notice requiring services to renew garda vetting every three years.

(d) Three staff, who had lived outside the jurisdiction, for longer than 6 consecutive months, while over the age of 18 years, had the required police vetting.

(3) The procedures specified in paragraph (2) were carried out prior to any adults being appointed and having access to the children attending the pre-school service.

(4) The 12 staff working directly with the children had evidence of Quality and Qualifications Ireland (QQI) Level 5 to Level 8 in Early Childhood Care and Education.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 11 - Staffing levels

*(1) Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that there is at all times an adequate number of adults working directly with the children attending the pre-school service.*

*(2) Subject to paragraphs (4) and (5), a registered provider of a full day care service or a part-time day care service shall ensure that at all times the minimum ratio of adults to children specified in column (3) of Part 1 of Schedule 6 opposite a particular reference number specified in column (1) of that Part in respect of the age range of the children specified in column (2) thereof at that reference number is satisfied.*

*(8) Without prejudice to paragraphs (2) to (7)-*

*(a) a registered provider of a pre-school service other than a child-minding service or a sessional pre-school service shall ensure that there are at least 2 adults on the premises at all times,*

**Compliance Information**

(1) At all times during the period of the inspection, the person in charge ensured that an adequate number of staff were working directly with the children.

(2) The person in charge ensured that the minimum ratio of adults to children specified was maintained. On the morning of the inspection, there were 26 children present with 6 staff members directly caring for these children.

Additionally, an extra two staff members covered breaks and provided relief cover one staff in the morning and one staff in the afternoon.

A cook was in the kitchen preparing, cooking, serving and storing the snacks and meals for the children.

An administrator was working solely in the office managing the day-to-day administration of the service.

The person in charge assisted with the administration part of the inspection and provided childcare relief as and when was necessary.

(8)(a) The registered provider ensured that there were two staff on the premises while the pre-school was operating.

## Part IV – Information and Records

### Regulation 15 – Record of pre-school child

*(1) A registered provider of a pre-school service other than a pre-school service in a drop-in centre or a temporary pre-school service shall ensure that a record in writing is kept in respect of each pre-school child attending the service containing the following particulars:*

*(a) the name and date of birth of the child;*

*(b) the date on which the child first attended the service;*

*(c) the date on which the child ceased to attend the service;*

*(d) the name and address of a parent or guardian of the child and a telephone number where that parent or guardian or a relative or friend of the child can be contacted during the hours of operation of the service;*

*(e) authorisation for the collection of the child;*

*(f) details of any illness, disability, allergy or special need of the child, together with all the information relevant to the provision of special care or attention;*

*(g) the name and telephone number of the child's registered medical practitioner;*

*(h) record of immunisations, if any, received by the child;*

*(i) written parental consent for appropriate medical treatment of the child in the event of an emergency.*

*(4) A registered provider shall ensure that a record in writing referred to in paragraph (1) is retained for a period of 2 years from the date on which the child to whom it relates ceases to attend the service.*

*(5) A registered provider shall ensure that a record in writing referred to in paragraph (2) is retained for a period of 2 years from the date on which the child attends the service.*

**Compliance Information**

(1)(a)(b)(c)(d)(e)(f)(g)(h) & (i)

A sample of 13 children's records were reviewed by the early years inspector.

The entries reviewed were factual, consistent, and accurate.

The 13 randomly selected children's records contained the following:

(a) The name and date of birth of the child.

(b) The date on which the child first attended the service.

(c) The date on which the child stopped attending the service (where relevant).

(d) The name and address of the child's parent or guardian, and a telephone number where that parent or guardian (or a relative or friend of the parent or child) can be contacted during the hours of operation.

(e) Written authorisation / permissions for collecting the child.

(f) Details are recorded of any illness, allergy, or additional need(s) the child had, together with all the information relevant to the provision of specific care or attention.
(g) The name and telephone number of the child's registered medical practitioner.
(h) A record of any immunisations the child has had.
(i) Written parental or guardian consent was included to allow the child to have appropriate medical treatment if there was / is an emergency.

(4) & (5) The person in charge advised and documentary evidence from file review indicated, that the pre-school had a system to allow all relevant children's records were kept for 2 years from the date a child stops attending the service.

## Part V - Care of Child in Pre-school Service

### Regulation 19 - Health, welfare and development of child

*(1) A registered provider shall, in providing a pre-school service, ensure that-*

*(a) each child's learning, development and well-being is facilitated within the daily life of the pre-school service through the provision of the appropriate activities, interaction, materials and equipment, having regard to the age and stage of development of the child, and*

**Compliance Information**

Basic Needs:

(1)(a)

- The staff encouraged and supported the children to be as independent as possible.
- The children were given sufficient time to eat in an unhurried manner. The staff complied with the service's healthy eating policy. The snacks and meals were colourful and looked nutritious with a variety of foods. The main meal of the day was pasta bolognaise with grated cheese with milk or water to drink.
- The tables and chairs were suitable for the children's ages and stages of development.
- The children had unrestricted access to the toilet and did not have to wait to use the toilet. On the day of inspection, the children who wore nappies were changed in a sensitive and timely manner and on a regular basis.
- Children had plenty of opportunities to move around freely and explore their environment. Play activities and experiences were appropriate and suitably challenging. The children were observed at free play, making puzzles, mix and match, stacking and building. The children played with transport vehicles, at pretend kitchen/house, at messy play, drawing and artwork. The children chatted and showed the

inspector their artwork that was on display. The children talked about the theme of the week, which was the Summertime.

- In the outdoor play areas, the children were observed to play with a wide variety of play equipment, the mud kitchen, at pretend play in the playhouse under the activity centre, playing ball, climbing the activity centre and sliding down the slide. The children were observed stacking, brushing, digging, riding on push cars, chasing, running and playing catch. The children had direct access to the outdoor play areas from their playrooms.

## Part VI - Safety

### Regulation 23 - Safeguarding health, safety and welfare of child

*A registered provider shall ensure that all reasonable measures are taken to safeguard the health, safety and welfare of a pre-school child attending the service and that the environment of the service is safe.*

### Compliance Information

**General Safety:**

- The external doors were appropriately secured to prevent a child gaining unsupervised access and unauthorised persons gaining access to the premises.
- The external outdoor play areas were secured by fencing and gates so that unauthorised persons could not access or enter the area or children could not exit unsupervised.
- The door into the kitchen, staff toilets, storage areas and staff room had a system of security.
- All toys and play equipment were observed to be safe and in good condition.
- There were intact safety straps as per manufacturer’s instructions, on the highchairs in the dining room.
- The heating system was turned off due to the extreme warm weather alert the week of inspection, windows were open, blinds were closed, cooling machines were in each playroom to ensure the temperatures were maintained between 18°C to 22°C. The children were dressed appropriately for the warm weather with short trousers and short sleeves to maintain their comfort.
- The water temperature readings were recorded within normal limits on the service risk assessments for the playrooms, sanitary areas and nappy changing areas.
- Cleaning products were stored out of child reach within each of the playrooms and in designated utility areas.

**Infection Control:**

- Staff prompted and supervised the children to wash their hands before eating, following nappy changing/toileting, messy play and outdoor play.
- Adequate liquid soap and paper towels were available at the wash hand basins.

- There were two designated nappy changing areas. The nappy mats were intact. There was an airtight sealable foot pedal operated lidded bin for the disposal of nappies in each of the nappy changing areas.
- The toys and play equipment were maintained in a clean condition.
- A cleaning schedule was available in the service. There were suitable cleaning products available in the service. The inspector noted high contact areas were cleaned regularly, as per best practice guidance.
- Adequate supplies of disposable tissues were readily available in each of the playrooms.
- There were foot pedaled lidded bins in the sanitary areas and playrooms.

**Administration of Medication:**

- The staff demonstrated to the inspector their knowledge of best practice with regards to the safe storage, administration of and documentation requirement for any medication given in the premises.

**Safe Sleep:**

- There were stackable beds available for children requiring sleep, when required.
- The sleep policy detailed the correct temperature, lighting, ventilation, space between cots, beds and child safety requirements.
- In each playroom, quiet rest areas with child size seating and soft matting were available for children to rest or opt out of an activity if they wished to do so.
- The children were observed to sleep on stackable beds on the day of inspection, sleep check records were maintained on the service electronic application every 10 minutes as per the service policy.
- There was no child under 2 years of age in the service on the day of inspection. No child slept in a cot on the day.

## Part VI - Safety

**Regulation 24 - Checking in and out and record of attendance**

*(1) A registered provider shall ensure that each pre-school child attending the service is checked in and out of the service by an employee or an unpaid worker.*

*(3) A registered provider shall ensure that-*

*(a) no person other than-*

*(i) pre-school child attending the service,*

*(ii) a person dropping or collecting such a child,*

*(iii) an employee, or*

*(iv) an unpaid worker, can enter the premises without his or her entry being approved by an employee, and*

| |
|---|
| *(b) a daily record in writing is kept of the entry on the premises of any such person.* |
| **Compliance Information** |
| (1) A record book detailed the children's arrival and departure to and from the service daily was available onsite.<br>(3)(a) The registered provider ensured that no person other than the persons outlined in (i) to (iv) entered the service without prior approval. All visitors recorded had written approval by the person in charge.<br>(b) A written record was available recording all visitors at the entrance to the service. |

| Part VI - Safety |
|---|
| **Regulation 25 - First aid** |
| *(1) A registered provider shall ensure that a person trained in first aid for children is, at all times, immediately available to the children attending the pre-school service.*<br>*(2) A registered provider shall ensure that a suitably equipped first aid box for children-*<br>*(a) is safely stored in an easily accessible and conspicuous position on the premises, and*<br>*(b) is available to the children attending the pre-school service at all times.* |
| **Compliance Information** |
| (1) The service provided evidence that eight staff were trained in first aid for children (FAR) and were available to the children attending the pre-school service.<br>(2)(a) There was a first aid box with supplies in each playroom. The first aid items were safely stored, easily accessible, in a conspicuous position and were in date.<br>(b) The service demonstrated that the first aid boxes were fully equipped and available to the children attending the pre-school service. |

## Part VI - Safety

### Regulation 26 - Fire safety measures

*(1) A registered provider shall ensure that a record in writing is kept of-*

*(a) any fire drill that takes place in the premises, and*

*(b) the number, type and maintenance record of firefighting equipment and smoke alarms in the premises.*

*(4) A notice of the procedures to be followed in the event of fire shall be displayed in a conspicuous position in the premises.*

**Compliance Information**

(1)(a) A written record was available of the monthly fire drills completed in the service. The last recorded fire drill was dated 10/4/2026.

(b) Records were available in relation to the number, type and maintenance of fire-fighting equipment with the annual service dated 27/02/2026.

The smoke and fire detection alarm system for the premises had the last annual service dated 16/07/2025.

(4) Notices were displayed within the service of the procedures to be followed in the event of fire in the premises.